# Rabhadh maidir le Camscéimeanna Teileafóin

Is eol don Roinn Coimirce Sóisialaí go bhfuil glaonna teileafóin agus téacsteachtaireachtaí calaoiseacha á bhfáil ag daoine agus go bhfuil an chuma ar an scéal gur ón Roinn atá siad ag teacht. Tá sonraí pearsanta á lorg, uimhreacha PPS agus sonraí Cuntais Bainc.

Tosaíonn roinnt glaonna camscéimeanna le teachtaireacht uathoibrithe a chuireann in iúl gur glao ón Roinn Coimirce Sóisialaí atá ann agus cuirtear in iúl duit go bhfuil d'uimhir PPS i gcontúirt nó gur úsáideadh d'uimhir PPS le haghaidh gníomhaíocht chalaoiseach.

Ansin iarrtar ort 1 a bhrú chun labhairt le himscrúdaitheoir.

## Is glaonna calaoiseacha iad seo

Más gá do bhall foirne de chuid na Roinne seo teagmháil a dhéanamh leat tríd an teileafón, ní lorgófar do shonraí Bainc riamh, ná ní lorgófar faisnéis phearsanta trí théacsteachtaireacht.

**Má fhaigheann tú glao nó téacs -**

- **Ná labhair leis an nglaoiteoir.**
- **Ná roinn aon chuid de d'uimhir PPS, sonraí Cuntais Bainc nó aon fhaisnéis phearsanta eile leis an nglaoiteoir.**
- **Cuir deireadh leis an nglao teileafóin.**

Má tá a leithéid sin d'fhaisnéis curtha ar fáil agat mar fhreagairt do ghlao nó téacs a bhfuil tú in amhras faoi, déan teagmháil leis na Gardaí láithreach.

Seiceáil seoladh an tsuímh gréasáin (http) lena chinntiú go bhfuil suíomhanna gréasáin oifigiúla na Roinne in úsáid agat, **www.Gov.ie/dsp** agus **www.MyWelfare.ie**

An Roinn Coimirce Sóisialaí
Department of Social Protection